

CARRAIG THÉAGAIR I RUISÍN A' BHOLGÁIN.

Ba dreathair nó oncail do Bairbre Ghiolla Téagar. Bhí sé ina chomhnaidhe i Ruisín a' Bhulgáin. Is as a baisteadh carraig Théagair. Tá sí i mbéal an mhúrlaigh i Ruisín a' Bhulgáin. De Chlann Mhac Confhaola tángas.

Bhí dreatháir ag Téagar a raibh Duine Uasal air agus bhí mac ag an Duine Uasal a raibh Bartly Uasail air. Bhí ingean Bartly Uasail pósta ag Tóna (Anthony) Mhac Dhonnchadha. Bhí Tóna síos is suas le muinntir an tighe aoidheachta ariamh fear gaisgeamhail a bhí i dTóna. Bhí dreatháir aige Seán Mór Mac Donnchadha, nár buaileadh ariamh a' damsa. Bhí an chraobh aige chuile áir ariamh a ndeachaidh sé a' damsa. Bhíodh sé a bádóireacht go ndeachaidh sé go Meireacá agus ní raibh bádóir a bfhearr le fágail.

"Mo ghrá thú i mbárach" mar dubhairt bean Árann le Seán Mór nuair chonnaic sí a damsa é